



Samhradh 2021 – Clár Samhraidh do gach Bhunscoil maidir le Scoláirí a bhfuil Riachtanais Chasta Oideachais acu agus Scoláirí atá i mbaol Míbhuntáiste Oideachais

20 Bealtaine 2021

A Phríomhoide, a chara,

D'fhógair na hAirí Foley agus Madigan pacáiste tacaíochtaí le déanaí chun go bhféadfadh scoileanna ar fud earnáil na bunscoile agus na hiar-bhunscoile clár samhraidh a thairiscint do leanaí a bhfuil riachtanais chasta oideachais acu agus dóibh siúd is mó atá i mbaol maidir le míbhuntáiste oideachais. Tá sé mar chuspóir ag an litir seo breis sonraí a thabhairt faoin mbealach a bhfeidhmeoidh an clár bhunscoile lena n-áirítear tuilleadh eolais maidir leis an réimse tacaíochtaí atá á thairiscint.

Cuimsíonn na cláir atá á dtairiscint an samhradh seo clár samhraidh 2-3 seachtaine atá ar fáil do gach bunscoil agus leathnú ar na cláir atá ann cheana féin i scoileanna agus i ranganna speisialta agus i scoileanna DEIS.

Féadfaidh bunscoileanna a bhfuil ranganna speisialta acu agus scoileanna speisialta clár breisithe a thairiscint in 2021.

Tá an réimse clár atá á thairiscint ag tógáil ar an rath a bhí ar na cláir leathnaithe a reáchtáladh an bhliain seo caite agus cuimsíonn siad aiseolas ó pháirtithe leasmhara oideachais maidir leis an mbealach is fearr chun tacú leis an gclár dóibh siúd go léir a bheidh páirteach ann in 2021.

Is eol don Roinn go raibh dúshlán shuntasacha gan fasach le sárú ag foirne scoile an bhliain seo caite ach tá súil aici go spreagfaidh an treoir agus na struchtúir thacaíochta atá beartaithe scoileanna chun an clár a reáchtáil i mbliana.

Bearta maidir le tacú le scoileanna chun an clár a reáchtáil i samhradh na bliana 2021:

- **Maoirseoir** – Féadfaidh gach scoil Maoirseoir a cheapadh, ar ról neamhtheagaisc é chun maoirseacht a dhéanamh ar chlár samhraidh na scoileanna. Ní gá gurb é/í príomhoide na scoile a bheadh i gceist anseo, d'fhéadfadh múinteoir buan ar bith sa scoil a bheith i gceist
- **Am Ullmhúcháin** – tá 20 uair an chloig sa bhreis d'am íoctha ar fáil don mhaoirseoir nó do mhúinteoir eile chun an clár a ullmhú
- **Pá Breise** – Gheobhaidh múinteoirí agus CRSanna a bheidh ag obair ar an gclár seachtain phá bhreise in aghaidh gach seachtaine den chlár bunaithe ar a ráta pá pearsanta.



- **Íocaíocht níos Luaithe don Fhoireann** – Déanfar an íocaíocht a phróiseáil nuair a fhaightear í le linn an tsamhraidh agus dá réir sin laghdófar na tréimhsí ama i gcomhair íocaíochta
- **Solúbthacht** – Féadfaidh scoileanna an clár a reáchtáil am ar bith le linn laethanta saoire na scoile.
- **Foireann Sheachtrach** – Féadfaidh scoileanna foireann sheachtrach agus CRSanna a fhostú chomh maith le múinteoirí a bhfuil a gcéimeanna á bhfáil acu ó choláistí an samhradh seo. Cuirfidh an Chomhairle Mhúinteoireachta agus Líonra Phríomhoidí Bunscoile Éireann (IPPN) na cláir shamhraidh chun cinn i measc chéimithe múinteoireachta agus mhic léinn MGO na bliana seo ar mhaithe leis an soláthar múinteoirí atá ar fáil i mbliana a mhéadú trí <https://www.educationposts.ie/>. Tacaíonn an tairseach sin le hearcú foirne do phoist na earnáil na bunscolaíochta agus na hiar-bhunscolaíochta.
- **Níos Lú Riaracháin** – Tá cuíchóiriú déanta ar phróisis iarratas agus íocaíochta
- **Tacaíocht agus Treoir** – Déanfar ábhar Líne Cabhraí agus Treoir a sholáthar
- **Costais Reatha** – Íocfar deontas €30 in aghaidh na seachtaine i leith gach scoláire leis na scoileanna go léir a bheidh rannpháirteach sa chlár.

Tá sé mar aidhm ag an gclár tacú le scoláirí chun a bheith rannpháirteach arís san oideachas, a gcuid féinmhuiníne a threisiú agus spreagadh breise a thabhairt dóibh, folláine a chur chun cinn agus i gcás roinnt scoláirí atá ag céim an aistrithe, cúnamh a thabhairt maidir lena chinntiú go bhféadfaidh siad dul ar aghaidh chuig an socrúchán breisoideachais nó chuig an tseirbhís aosaigh atá beartaithe acu i mí Mheán Fómhair seo chugainn de réir mar is cuí.

Tá tuilleadh eolais faoi na scéimeanna, lena n-áirítear na tacaíochtaí atá ar fáil agus an bealach a bhféadfaidh scoileanna iarratas a dhéanamh ar fáil ag gov.ie/summerprovision

Beidh clár samhraidh ón mbaile ar fáil do scoláirí a bhfuil riachtanais chasta oideachais acu i gcás nach bhfuil clár scoilbhunaithe á sholáthar ag scoileanna. Beidh pacáiste iarratais agus eolas maidir leis an scéim ón mbaile ar féidir é a sholáthar do thuismitheoirí ag teacht an tseachtain seo chugainn.

Ba mhór againn do chomhoibriú agus do thacaíocht don chlár samhraidh seo agus má tá aon cheisteanna agat seol ríomhphost, le do thoil, chuig schoolsummerprogramme@education.gov.ie nó glaoigh ar 090 648 4292.

Is mise, le meas,

Martina Mannion
Rúnaí Cúnta